Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Márta 2021 (OR. en)**

**6365/21**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2010/0112(NLE)**

**AVIATION 38**
**RELEX 130**
**USA 3**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH (AE) 2021/… ÓN gCOMHAIRLE an … maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Phrótacail chun an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit a leasú<br>– Comhaontú i bprionsabal<br>– Iarraidh ar thoiliú ó Pharlaimint na hEorpa |

1. An 5 Meitheamh 2003, thug an Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh sainordú don Choimisiún comhaontú cuimsitheach aeriompair a chaibidil le Stáit Aontaithe Mheiriceá[1]. Síníodh an Chéad Chomhaontú Aeriompair idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe an 25 agus an 30 Márta 2007. Dhaingnigh na páirtithe uile é, agus tá sé i bhfeidhm anois ón 29 Meitheamh 2020. Ag eascairt as seoladh na caibidlíochta ar an dara céim i mí na Bealtaine 2008, cuireadh inisealacha leis an Dara Comhaontú Céime (i bhfoirm an Phrótacail thuasluaite) sa Bhruiséil an 25 Márta 2010.

2. An 3 Bealtaine 2010, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle na tograí uaidh le haghaidh Cinntí ón gComhairle maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Dara Comhaontú (9296/10 agus 9435/10 REV 1 faoi seach).

3. Ghlac an Chomhairle an Cinneadh maidir le síniú an Chomhaontaithe an 24 Meitheamh 2010, agus síníodh an Comhaontú an lá céanna, i Lucsamburg, faoi réir a thabhairt i gcrích dáta níos faide anonn.

[1] 11322/03 RESTREINT UE

4. Foilsíodh an Cinneadh maidir le síniú an Chomhaontaithe agus an Comhaontú féin san *Iris Oifigiúil* an 25 Lúnasa 2010[2].

5. Chuir na Ballstáit uile an próiseas daingniúcháin i gcrích an 4 Meitheamh 2019, seachas Poblacht na Cróite, ach tá sé beartaithe go n-aontóidh Poblacht na Cróite don Chomhaontú i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear san Ionstraim Aontachais atá i gceangal lena Conradh Aontachais an 5 Nollaig 2011.

6. An 22 Eanáir 2021, thíolaic an Coimisiún togra leasaithe maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe thuasluaite, d'fhonn, go háirithe, breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 28 Aibreán 2015 i gcás C-28/12 a chur san áireamh.

7. Scrúdaigh an Mheitheal um Eitlíocht an dréacht-Chinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe agus tháinig sí ar chomhaontú ina leith ag an bhfíschomhdháil neamhfhoirmiúil a bhí aici an 23 Feabhra 2021.

8. Tar éis an scrúdaithe a rinneadh air ar leibhéal na meithle, rinne seirbhísí dlí agus teanga na Comhairle athbhreithniú ar théacs an Chinnidh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích.

9. D'fhonn ullmhú do thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle, i mír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, cinneadh a dhéanamh an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, mar atá in 6385/21 ó na dlítheangeolaithe, mar aon le téacs an Chomhaontaithe in 9913/10 a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.

---

[2] IO L 223, 25.8.2010, lch. 1.